# Cad é a chaithfidh mé a fháil amach?



1. Cén t-eolas atá de dhíth orm?

2. An bhfuil rud amháin de dhíth orm nó an gcaithfidh mé roinnt rudaí a chuardach?

3. Cá háit ar chóir dom an t-eolas atá de dhíth orm a chuardach:
   - leabhair,
   - an leabharlann,
   - iris nó nuachtán,
   - scannáin/ dvd,
   - an tIdirlíon,
   - ceist a chur ar dhaoine eile?

4. Cad é a tharlóidh má chuirim a bhfuil agam go dtí seo in ord eile?


5. An dtig liom ceist a chur ar dhuine ar bith i mo rang?



# Cá rachaidh mé a chuardach?




1. Cad é an áit is fearr leis an eolas atá de dhíth orm a aimsiú?
2. An gcuireann an t-ábhar seo rud ar bith a bhfuil tú eolach air cheana i gcuimhne duit?
3. Ar aimsigh tú eolas cruinn? Cad é mar atá a fhios agat go bhfuil sé cruinn?
4. An é seo an fhírinne?
5. Cad é ba chóir dom a dhéanamh lena bhfuil faighte amach agam?



# Cé a deir sin?



1. An gcreideann tú seo? Cad é a thabharfadh ort é  a chreidiúint?
2. Cén sórt duine a chreidfeá?
3. Cad é mar a fuair an duine sin amach?
4. An bhfuil bealach ann lena sheiceáil cé acu atá sé ceart nó nach bhfuil?
5. Cad é mar a thig leat a sheiceáil cé acu atá an t-eolas atá aimsithe agat fíor nó nach bhfuil?



# Cad é mar a chuirfidh mé daoine eile ar an eolas faoi seo?




1. Cad é an dóigh is fearr le mo chuid oibre a roinnt le daoine eile?

2. Ar chóir dom focail, uimhreacha, léaráid nó rud éigin eile a úsáid?

3. Arbh fhearr labhairt le duine faoi mo chuid oibre nó í a scríobh síos?

4. Cén dóigh ar mhaith le daoine eile a fháil amach:
   - ríomhphost,
   - téacs,
   - scairt ghutháin,
   - litir,
   - bualadh le chéile?


5. Cad é mar a thiocfadh leat duine bodhar, nó duine nach bhfuil Gaeilge/Béarla aige a chur ar an eolas faoi?



# Cad é mar a thig liom seo a chruthú?




1. Cén fhianaise atá agam?
2. Cá háit a bhfuair mé an fhianaise?
3. Cá háit ar chóir dom an fhianaise a choinneáil?
4. Cé dó a gcaithfidh mé seo a chruthú?
5. Cé eile a aontaíonn liom?



# Cad é mar a thiocfadh liom é seo a rá go soiléir?




1. Cé leis a mbeidh tú ag caint?
2. Déan achoimre ar a bhfuil déanta agat go dtí seo.
3. Cad é a thig leat a dhéanamh le go mbeidh sé níos sothuigthe?
4. Cad faoi phictiúir a úsáid in áit focal?
5. Measc na píosaí agus cuir in ord eile iad.



# Cad iad na cosúlachtaí? Cad iad na héagsúlachtaí?




1. Cá háit gcuirfeá an ceann seo? Cad é eile atá cosúil leis?
2. Cé a bhainfeadh úsáid as rud den chineál seo?
3. Cá háit a bhfaighfeá rudaí mar seo?
4. Cad iad na héagsúlachtaí is suntasaí?
5. Cad iad na cosúlachtaí is tábhachtaí?



# Amharc go géar

## Bainistiú Eolais


1. Socraigh cad iad na codanna is tábhachtaí.
2. Cuir uait na cinn nach bhfuil de dhíth ort.
3. An ndéanfadh daoine eile é seo?
4. Cá háit is fearr tús a chur leis?
5. An bhfuil dóigheanna eile ann lena dhéanamh?



# Cad é eile atá cosúil leis seo?



1. An ndearna tú rud mar seo roimhe?
2. Cad leis a bhfuil sé seo cosúil, cad leis nach bhfuil sé cosúil?
3. Cé hiad na daoine a bhfuil rud mar seo déanta cheana féin acu?
4. An mbainfidh tú úsáid as focail, uimhreacha, pictiúir, cruthanna nó cur síos? Cad iad na rudaí a bheidh de dhíth ort?
5. Cad é an dóigh is fearr le bheith ag obair leis na rudaí seo?



# Roinn ina chodanna é



1. Cuir na rudaí atá agat in ord.
2. Cén ceann ba chóir duit a chur sa chéad áit?
3. Abair gur athraigh tú an t-ord, cén difear a dhéanfadh sé?
4. An gá rudaí áirithe a choinneáil le chéile. Cad chuige?
5. Cén teideal a chuirfeá ar an obair seo?

